ACHOIMRE AR AN GCINNEADH ÓN GCOIMISIÚN

an 12 Iúil 2022

A bhaineann le himeacht faoi airteagal 101 den chonradh ar fheidhmiú an aontais eorpaigh

(Cás AT.40522-METAL PACKAGING)

(A bhfuil fógra tugtha ina leith faoi uimhir dhoiciméid C(2022)4761 final

(Is ag an téacs sa bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

(2023/C 57/04)

An 12 Iúil 2022 ghlac an Coimisiún cinneadh a bhaineann le nós imeachta faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ([1]) ón gComhairle, foilsíonn an Coimisiún anseo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.

1. **RÉAMHRÁ**

(1) An 12 Iúil 2022, ghlac an Coimisiún Cinneadh inar thángthas ar an gconclúid gur ghlac seolaithe an Chinnidh seo páirt i sárú leanúnach aonair ar Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("an Conradh") in earnáil na pacáistíochta miotail sa Ghearmáin a mhair ón 11 Márta 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2014.

(2) Is ar na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a díríodh an Cinneadh:

(a) Crown Holdings, Inc. agus Crown Cork & Seal Deutschland Holdings GmbH (dá dtagraítear "Crown" le chéile);

(b) Silgan Holdings Inc., Silgan White Cap Manufacturing GmbH, Silgan Metal Packaging Distribution GmbH, Silgan Holdings Austria GmbH agus Silgan International Holdings B.V. (dá dtagraítear "Silgan" le chéile).

(3) Tagraítear freisin do na gnóthais atá i gceist sa chás seo mar na "páirtithe" nó, ar bhonn aonair, "páirtí".

2. **TUAIRISC AR AN gCÁS**

2.1. **Nós imeachta**

(4) Rinne an Coimisiún imscrúdú ar an gcás arna iarraidh sin don Bundeskartellamt, Údarás Iomaíochta na Gearmáine.

(5) In mí Aibreáin 2018, rinne an Coimisiún cigireachtaí gan fhógra agus chuir sé tús le himeachtaí in aghaidh Crown agus Silgan de bhun Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004. Le Cinneadh a glacadh an 1 Deireadh Fómhair 2021, cuireadh deireadh leis na himeachtaí maidir le críocha uile LEE, cé is moite den Ghearmáin.

(6) Chuir Crown iarratas ar thrócaire isteach agus chomhoibrigh sé leis an gCoimisiún faoin bhFógra Trócaire.

(7) Ina dhiaidh sin, chuir Crown agus Siligan iarratais fhoirmiúla ar shocraíocht an cháis isteach chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 10a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004. Ina n-aighneachtaí socraíochta, d'admhaigh gach páirtí a dhliteanas i leith an tsáraithe agus thug siad le fios uasmhéid na fíneála a mheasann siad go bhforchuirfidh an Coimisiún í, agus a nglacfadh sé léi faoi chuimsiú nós imeachta um réiteach.

([1]) IO L 1, 4.1.2003, lch. 1. Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 411/2004 (IO L 68, 6.3.2004, lch. 1).

(8) An 19 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún ráiteas agóidí a díríodh ar na páirtithe, agus thug siad freagra ar an ráiteas agóidí trína dheimhniú go léiríonn na fíorais agus an measúnú dlíthiúil ar an sárú mar a leagtar amach sa Chinneadh inneachar a n-aighneachtaí maidir le réiteach agus go raibh siad tiomanta i gcónaí an nós imeachta um réiteach a leanúint.

(9) D'eisigh an Coiste Comhairleach um Chleachtais Srianta agus Riochtaí Ceannasacha tuairim fhabhrach an 5 Iúil 2022. An 8 Iúil 2022, d'eisigh an tOifigeach Éisteachta an tuarascáil chríochnaitheach uaidh.

2.2. **Achoimre ar an sárú**

(10) Ba éard a bhí sa sárú

a) malartuithe déthaobhacha tráthrialta maidir leis na méideanna díolacháin bliantúla is déanaí (*i.e.* méideanna na bliana roimhe sin) – i dtéarmaí na n-aonad a díoladh – maidir le custaiméirí na bpáirtithe sa Ghearmáin ar an margadh le haghaidh dúntóirí miotail (céim I), agus

b) i gcomhthéacs cannaí miotail agus dúntóirí miotail a thabhairt isteach sa Ghearmáin atá brataithe le laicir (a bhí nua an tráth sin) saor ó Bhisfeanól A (saor ó BPA) ("cannaí BPA-NI" agus "dúntóirí BPA-NI"), malartuithe faisnéise agus tuairimí maidir leis an rún atá acu formhuirear a fhorchur agus na moltaí marthanachta íosta a dhéantar do líontóirí a ghiorrú i gcomparáid le laicir ina bhfuil BPA (céim II).

(11) Ba é aidhm fhoriomlán na malartuithe sin trédhearcacht níos fearr a chruthú i margadh na Gearmáine. Chuir na teagmhálacha seo ar a gcumas do na páirtithe sonraí mionsonraithe a fháil ar na méideanna díolacháin bliantúla is déanaí (*i.e.* iad siúd an bhliain roimhe sin) le haghaidh dúntóirí miotail maidir lena gcustaiméirí sa Ghearmáin sa bhliain roimhe sin, agus léargas a fháil ar roinnt coinníollacha trádála sa Ghearmáin maidir le cannaí miotail BPA-NI agus dúntóirí miotail BPA-NI do chustaiméirí sa Ghearmáin. I gcás dúntóirí miotail, leis na malartuithe faisnéise sin fuarthas réidh le neamhchinnteachtaí faoi bhonn custaiméirí an pháirtí eile agus a sholáthairtí dá chustaiméirí, agus i gcás cannaí miotail BPA-NI agus dúntóirí miotail BPA-NI faoi iompar tráchtála a chéile maidir le paraiméadair thrádála a bhí riachtanach sna himthosca ar mhargadh na Gearmáine. Ar an iomlán, bhí na páirtithe in ann a n-iompar margaidh agus a n-iarrachtaí iomaíocha a chur in oiriúint do mhargadh na Gearmáine le haghaidh cannaí miotail BPA-NI agus dúntóirí miotail atá brataithe le laicir atá saor ó BPA nó le laicir ina bhfuil BPA.

(12) Ba éard a bhí san iompar sin cruinnithe, glaonna gutháin agus malartuithe ríomhphoist.

(13) Bunaithe ar an bhfianaise sin, cuireadh tús le céim 1 den iompar an 11 Márta 2011 agus tháinig deireadh léi an 21 Márta 2014. Cuireadh tús le céim II den iompar an 18 Aibreán 2013 ar a dhéanaí agus tháinig deireadh léi an 18 Meán Fómhair 2014. Mar sin, mhair an t-iompar ón 11 Márta 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2014.

(14) De réir an chinnidh, na malartuithe faisnéise agus comhordú, is sárú aonair leanúnach iad ar Airteagal 101 den Chonradh agus tá cairtéal ann dá mbarr.

(15) Baineann an t-iompar le dúntóirí miotail agus cannaí miotail BPA-NI a sholáthraítear do chustaiméirí sa Ghearmáin. Mar sin, is í an Ghearmáin raon feidhme geografach an iompair.

(16) Rinne an dá chéim den sárú difear don iomaíocht idir an dá pháirtí ar chríoch iomlán Ballstáit, is í sin an Ghearmáin, ar cuid mhór den mhargadh inmheánach í. Dá bharr sin, d'fhéadfadh an sárú éifeacht shuntasach a bheith aige ar thrádáil idir na Ballstáit de réir bhrí Airteagal 101(1) den Chonradh.

2.3. **Seolaithe**

(17) Maidir le rannpháirtíocht Crown san iompar, ba cheart na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach:

i) Crown Holdings, Inc.

ii) Crown Cork & Seal Deutschland Holdings GmbH

(18) Maidir le rannpháirtíocht Siligan san iompar, ba cheart na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach:

(a) Silgan White Cap Manufacturing GmbH (mar chomharba Silgan White Cap Deutschland GmbH);

(b) Silgan Metal Packaging Distribution GmbH (mar chomharba Silgan Metal Packaging Vertriebs GmbH);

(c) Silgan Holdings Austria GmbH (mar mháthairchuideachta Silgan Metal Packaging Vertriebs GmbH tráth an tsáraithe);

(d) Silgan International Holdings B.V. (mar mháthairchuideachta Silgan White Cap Deutschland GmbH tráth an tsáraithe);

(e) Silgan Holdings Inc. (mar mháthairchuideachta deiridh na n-eintiteas dlítheanach a liostaítear ó (a) go (d) thuas).

2.4. **Leigheasanna**

(19) Leis an gcinneadh cuirtear Treoirlínte 2006 maidir le Fíneálacha i bhfeidhm.

2.4.1. *Bunmhéid na fíneála*

(20) Baineann an sárú le táirgí éagsúla, agus léirítear é sin sna luachanna díolacháin éagsúla a úsáidtear chun na fíneálacha a shocrú maidir le céim I agus céim II den sárú. I gcás an dá chéim den sárú, tá na fíneálacha bunaithe ar luach dhíolacháin na bpáirtithe a baineadh amach sa Ghearmáin in 2013, i.e. an bhliain ghnó iomlán dheireanach dá rannpháirtíocht sa sárú mar seo a leanas.

(21) Maidir le céim I, is é luach ábhartha na ndíolachán chun an fhíneáil a ríomh luach na ndúntóirí miotail a dhíoltar le custaiméirí sa Ghearmáin in 2013.

(22) Maidir le céim II, is é luach ábhartha na ndíolachán chun an fhíneáil a ríomh luach na ndúntóirí miotail agus na gcannaí miotail a dhíoltar le custaiméirí sa Ghearmáin in 2013. Ach, mar gheall ar imthosca sonracha an cháis seo, is iomchuí gan ach cion de na díolacháin sin a chur san áireamh chun na fíneálacha a ríomh. Baineann Céim II leis an aistriú ó dhúntóirí miotail agus cannaí miotail atá brataithe le laicir thraidisiúnta (iad siúd ina bhfuil BPA) go táirgí atá brataithe le laicir atá saor ó BPA. Le linn céim II den sárú, bhí díolachán dúntóirí miotail BPA-NI agus cannaí miotail BPA-NI ag fás de réir a chéile agus ba chéatadán teoranta iad de na dúntóirí miotail agus cannaí miotail BPA-NI a díoladh le custaiméirí sa Ghearmáin. Measann an Coimisiún go bhfuil […] % de luach na ndíolachán cannaí miotail in 2013, agus […] % de luach na ndíolachán dúntóirí miotail in 2013, ina n-athróga ionadacha iomchuí do luach ábhartha na ndíolachán i gcás chéim II.

(23) Tá cairtéal, de réir a nádúir, ar na srianta iomaíochta is díobhálaí. Is iondúil go n-éilíonn cairtéil céatadán tosaigh de 15 % ar a laghad. Thairis sin, cuireann an Coimisiún san áireamh gur cairtéal ilghnéitheach a bhí ann. Is é 16 % cion de luach na ndíolachán atá le cur san áireamh.

(24) I gcás chéim I, is é 1 107 lá (iolraitheoir 3.03) an fad atá le cur san áireamh. I gcás chéim II, is mar a leanas an fad agus na hiolraitheoirí ábhartha:

	Fad (laethanta)	Iolraitheoir
"Dúntóirí"	181	0.49
"Cannaí"	519	1.42

(25) Cuireann an Coimisiún céatadán 16 % de luach na ndíolachán i bhfeidhm chun an méid breise a ríomh ("táille iontrála").

2.4.2. *Coigeartuithe ar an mbunmhéid*

(26) Níor suíodh aon imthoisc ghéaraitheach ná mhaolaitheach sa chás seo.

2.4.3. *An teorainn láimhdeachais 10 % a chur i bhfeidhm*

(27) Aon cheann de na fíneálacha arna ríomh d'aon cheann de na páirtithe, ní mó iad ná 10 % de láimhdeachas iomlán an ghnóthais in 2021.

2.4.4. *Fógra Trócaire 2006 a chur i bhfeidhm: fíneálacha a laghdú*

(28) Ba é Crown an chéad ghnóthas a chuir fianaise nua thábhachtach ar fáil in éineacht lena iarratas trócaire, chomh maith le faisnéis chomhthacaíoch. Tugtar laghdú 50 % ar an bhfíneáil do Crown.

2.4.5. *Fógra Socraíochta a chur i bhfeidhm*

(29) Agus an Fógra Socraíochta á chur i bhfeidhm, rinneadh laghdú breise 10 % ar mhéid na bhfíneálacha a gearradh ar gach páirtí.

3. **CONCLÚID**

(30) Forchuireann an Coimisiún fíneáil EUR 7 670 000 ar Crown agus EUR 23 852 000 ar Siligan.